

Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
Scéim Sparánachta na Gaeilge 2018/2019

Treornótaí d'Iarratasóra

Aidhm na Scéim Sparánachta

Cuidiú le daoine a scileanna Gaeilge a fheabhsú trí scoláireachtaí nó sparánachtaí a chur ar fáil do chúrsaí Gaeilge, coláistí Gaeltachta, dianchúrsaí agus cúrsaí tríú leibhéal san áireamh a bheas ar siúl sa bhliain reatha faoi chomaoin (1 Aibreán – 31 Márta).

Clúdaíonn an sparánacht seo táillí cúrsa amháin.

Tá iarratasóirí i dteideal cur isteach do 50% de tháillí iomlán an chúrsa suas go huasmhéid £300 ar fad.

Ní mór don iarratasóir:

-) bheith ina c(h)ónaí i limistéar Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin
-) más rud é go bhfuil an iarratasóir faoi 18bl., ní mór cead an tuismitheora/an chaomhnóra a fháil chun freastal ar an chúrsa Gaeilge
-) bheith cláraithe ar chúrsa Gaeilge
-) gan scoláireacht a bheith aige/aici ó chistí poiblí (m.sh. sparánacht Líofa)
-) an cúrsa Gaeilge a chríochnú agus bheith ann don tréimhse ar fad
-) fianaise de thinreamh agus íocaíocht na dtáillí cúrsa ar fad a sholáthar

An próiseas iarratais

Is féidir foirm iarratais a íoslódáil ó shuíomh idirlín Chomhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin www.newrymournedown.org. Is scéim leanúnach í seo. Ní mór dona hiarratasóirí uilig sonraí teagmhála cruinn a chur ar fáil chun cumarsáid éifeachtach a chur i bhfeidhm maidir le dul chun cinn an iarratais sparánachta.

Beidh an cinneadh deireanach le déanamh ag an Chomhairle maidir le leithdháileadh faoi réir na critéir a bheith comhlíonta ag na hiarratasóirí. Cuirfear in iúl dona hiarratasóirí ar éirigh leo maidir le méid a sparánachta, a bronnfar ar chríochnú an chúrsa agus ina dhiaidh coinníollacha an litir thairisceana a chomhlíonadh. Agus na hiarratasóirí i dteideal cur isteach do 50% de tháillí iomlán an chúrsa suas go huasmhéid £300 ar fad, beidh méid gach sparánacht ag brath ar an leibhéal maoinithe a bheas ar fáil.